



Treoir maidir Caighdeán Gaeilge a leagan síos & a mheas

Tá An Foras Pátrúnachta agus ár scoileanna ag tabhairt aitheantas do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge sa chritéar ar líofacht sa Ghaeilge inár bpolasaí. Tugann an critéar deis do na teaghlaigh seo áit a bhaint amach dá bpáistí i scoil lán-Ghaeilge. Tá freagracht ar an scoil níos imeachta a leagan síos chun deis a thabhairt do na tuismitheoirí líofacht a bpáistí a dheimhniú chun áit a fháil sa scoil.

Tá sé de fhreagracht freisin ar an scoil an níos imeachta a chur i bhfeidhm chomh cuimsitheach agus is féidir chun cothrom na féinne a thabhairt do na hiarratasóirí i gcoitinne.

Deréir an Achta um Ligean Isteach i Scoileanna: Féadfar tús áite a thabhairt do dhaltaí i ligean isteach i gcás gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach é/í i scoil lán-Ghaeilge. Go praiticiúil is é an Bord Bainistíochta a leagfaidh síos bunchaighdeán líofachta agus ní mór plé a dhéanamh ar conas is féidir leis an mBord leibhéal líofachta an pháiste a mheas agus aon chinneadh a dhéanann sé a chosaint i gcás achomhairc.

I gcás ró-éilimh nuair a úsáidtear an critéar seo chun áit scoile a ofráil, ní mór don Bhord a bheith in ann a chruthú go ndearnadh na hiarratais a mheas ar bhonn oibiachtúil.

1. Le tabhairt san áireamh nuair atá leibhéal líofachta á mheas?

Seo a leanas cuid de na táscairí a d'fhéadfadh scoil a úsáid chun leibhéal líofachta a mheas:

An bhfuil an dalta:

- In ann a s(h)amhlaíocht féin a úsáid chun scéalta simplí a insint i nGaeilge?
- In ann éisteacht le scéal gairid atá oiriúnach dá (h)aois agus ceisteanna a fhreagairt faoi?
- In ann súgradh lena p(h)iaráí/tuismitheoir trí mheán na Gaeilge?
- In ann caint faoi na rudaí lasmuigh den naíonra/scoil is speis leis/léi (spórt, damhsa, clann, caithimh aimsire, cluichí ríomhaire srl.)?
- In ann caint faoi imeachtaí an lae/na seachtaine agus idirdhealú a dhéanamh idir na haimsirí (Cad a rinneamar, cad a dhéanaimid)?



Treoir maidir Caighdeán Gaeilge a leagan síos & a mheas

- In ann comhréir cheart na Gaeilge a léiriú (an féidir liom fáil mo chóta, sin mise's, srl)?

Is faoin mBord is atá sé an leibhéal líofachta is inghlactha a leagan síos ach é a bheith doiciméadaithe agus seicliosta cruthaithe agus comhlánaithe do gach iarratasóir a bhaineann leas as an gcritéar seo.

2. Fianaise a sholáthar

Tá an fhreagracht ar an tuismitheoir (ní ar an scoil) fianaise leordhóthanach a sholáthar don scoil má éilítear ar fhoirm iontrála:

- gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus
- gur dócha go rachadh líofacht an dalta sa Ghaeilge ar chúl mura ligfí isteach é/í i scoil lán-Ghaeilge

Caithfidh aon duine a bhaineann leas as an gcritéar seo fianaise a sholáthar ar a líofacht. Níl eisceacht air seo. Ní cheadmhach faoin Acht ach an fhianaise atá curtha faoi bhráid an Bhoird a chur san áireamh nuair atá cinneadh á dhéanamh ar áiteanna scoile a ofráil.

3. Cén sórt fianaise?

Seo roinnt moltaí ar an gcineál fianaise a d'fhéadfadh an tuismitheoir a sholáthar don scoil:

- Cé go bhfuil sé luaite go sonrach nach féidir iachall a chur ar thuiste a p(h)áiste a bheith ar fáil le haghaidh comhrá leis an scoil (agallamh) is féidir é a mholadh i measc na gcineálacha fianaise atá inghlactha. Ba chóir go mbeadh seicliosta táscairí comhlánaithe ag an gcomhrá mar chuid den taifead fianaise. (Mar shampla seicliosta ag tagairt do na samplaí i Mír 1 thuas).
- Físeán den pháiste agus é/í ag úsáid Gaeilge go nádúrtha i suíomh an bhaile. Ba chóir go mbeadh éagsúlacht comhthéacsanna ann (féach 1. thuas). Moltar físeán idir 10-15 nóiméad.



Treoir maidir Caighdeán Gaeilge a leagan síos & a mheas

- Fiseán den pháiste ag úsáid Gaeilge le teaghlaigh eile nó piaraí i suíomh lasmuigh den bhaile mar shampla imeacht, Ghlór na Gael, Sheachtain na Gaeilge srl.

Ní fianaise í litir ó naíonra, eagraíocht Ghaeilge srl. ar líofacht sa teanga.

Níl na moltaí seo uileghabhálach agus ní gá go mbeadh an fhianaise a sholáthraítear teoranta do cheann amháin de na moltaí thuas. Dá mhéid fianaise a sholáthraíonn an tuiste is éasca don bhord cinneadh a dhéanamh agus an cinneadh sin a chosaint i gcás achomhairc.

Má tá Riachtanais Speisialta ag an bpáiste, cuirfear ábaltacht an pháiste san áireamh sa chás sin.

Agus iarratais á meas ag an mBord Bainistíochta, ní ceadmhach ach an fhianaise atá curtha ag an tuiste faoina bhráid a chur san áireamh. Ní féidir le tuairimíocht, aithne ar an teaghlach srl. a bheith mar chuid den phróiseas cinnteoireachta.